



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



Scoláireacht Taighde PhD bunaithe ar dhaoine ar iarraidh in ainm.ie

Fáiltítear roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu cur isteach ar chomhaltacht PhD atá á tairiscint faoi láthair ag Fiontar & Scoil na Gaeilge, le maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Beidh an taighde bunaithe ar dhaoine atá ar iarraidh in ainm.ie.

Cúlra

Is fadhb aitheanta i gcúrsaí beathaisnéise go mbíonn gannionadaíocht i gceist le grúpaí áirithe sna cnuasaigh chanónacha náisiúnta. Baineann sé seo le beathaí na mban agus le beathaí grúpaí mionlaigh áirithe. I gcás an *Dictionary of Irish Biography*, mar shampla, is mná iad 10.46% de na beathaí; i gcás Ainm is 10% atá i gceist. Tá an ráta seo píosa níos ísle ná cnuasaigh beathaisnéisí náisiúnta eile ar nós an *Oxford Dictionary of National Biography* (12.5%) agus an *Australian Dictionary of Biography* (12.5%). Tá tionscadail éagsúla beathaisnéisíochta tar éis aghaidh a thabhairt ar an gceist trí thaighde breise a dhéanamh ar bheathaí a fágadh ar lár sna bunsaothair agus trí imleabhair nó forlíontáin bhreise a fhoilsiú chun cuid de na heasnaimh seo a chúiteamh. Úsáidtear an téarma *Missing Persons* ('daoine ar iarraidh') le cur síos ar na beathaí seo. Dar linn ba chóir do thionscadal beathaisnéisí na Gaeilge bheith i lár an aonaigh leis seo, freisin.

Is éard a bheidh i gceist leis an gcomhaltacht seo:

1. **Taighde** ar na beathaí atá foilsithe in ainm.ie ó thaobh na cothromaíochta de i bhfianaise an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus fhíricí shaol na Gaeilge. Moltaí a dhéanamh, más cuí, maidir le leasuithe chun feabhais a dhéanamh ar an gcothromaíocht sin agus beathaí nua a mholadh/a dhréachtú.
2. **Eagar agus foilsiú** ar an taighde sin, trí bheathaí nua a chur ar fáil in Ainm agus mar mhonagraf nó mar ailt in irisí acadúla piarmheasúnaithe (más cuí sin).

Cuirfear an obair dhigitithe agus eagarthóireachta i gcrích mar chuid de thionscadal Ainm, ag tarraingt ar an saineolas eagarthóireachta, teicniúil agus riaracháin atá ag foireann an tionscadail sin.

An Comhaltacht:

Beidh luach €18,000 (stipinn) *per annum* ag gabháil leis an gcomhaltacht agus clúdófar na táillí clárúcháin bliantúla go ceann tréimhse 4 bliana ar chuntar go ndéanfaidh an mac léinn an dul chun cinn acadúil riachtanach ó bhliain go chéile. Beidh an mac léinn cláraithe le haghaidh PhD le Fiontar & Scoil na Gaeilge agus beidh an taighde faoi stiúir bhaill foirne na Scoile. Lonnófar an mac léinn ag stáisiún oibre in oifig chúil sa Scoil agus beidh fáil aici/aige ar ríomhaire agus ar acmhainní agus seirbhísí taighde iarchéime na hOllscoile. Beidh an mac léinn faoi réir Rialacháin Acadúla um Iarchéimeanna Taighde na hOllscoile maidir le gach gné dá c(h)lár taighde.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



Cáilíochtaí Riachtanacha:

Níor mhór don mhac léinn tuiscint a bheith aige/aici ar chúrsaí staire, chomh maith le scileanna Gaeilge den chéad scoth agus ardscoilleana taighde. Ba bhuntáiste é dá mbeadh taithí ag an mac léinn ar ghnéithe den teoiric chriticiúil maidir le hionadaíocht grúpaí mionlaigh i scríobh na staire. Is i nGaeilge a scríobhfar an tráchtas. Ní mór chomh maith cáilíochtaí sa réimse cuí a bheith ag iarrthóirí le haghaidh an chláir PhD de réir mar atá leagtha amach i Rialacháin Acadúla um Iarchéimeanna Taighde na hOllscoile (§3.3):

Bunchéim (Leibhéal 8): Céad Onóracha nó Dara Onóracha, Grád 1

NÓ

Máistreacht (Leibhéal 9): Céad Onóracha nó Dara Onóracha

An Próiseas Iarratais:

Ní mór do dhaoine ar suim leo an comhaltacht iarratas a réiteach ina mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh: (1) CV (nach faide ná trí leathanach) ina mbeidh cur síos ar a dtaithí acadúil go dtí seo; (2) liosta d'aon fhoilseacháin/imeachtaí acadúla a raibh baint acu leo ó bhain siad a gcéim acadúil amach; (3) litir chláir ina leagfaidh siad amach a spéis san ábhar taighde agus a gcuid smaointe tosaigh ina leith (1,000-1,500 focal). D'fhéadfadh agallaimh a bheith i gceist mar chuid den phróiseas iarratais.

Féadfaidh iarrthóirí gné ar bith den taighde nó den phróiseas a fhiosrú de rphost leis an Dr Úna Bhreathnach. Ba chóir d'iarrthóirí iarratas leictreonach a chur ar aghaidh chuig una.bhreathnach@dcu.ie faoi 1200h, Dé Luain 5 Iúil 2021.